Colm Cille

Colm Cille

Tá a fhios againn uilig faoi Naomh Pádraig agus faoi Naomh Bríd. Tá naomh eile in Éirinn a bhfuil an clú céanna air. Rugadh Colm Cille i nGartán i dTír Chonaill. Bhí a thuismitheoirí iontach saibhir. Bhí Colm Cille ina phrionsa ach shocraigh sé agus é óg gur mhaith leis bheith ina shagart, agus rinne sé sin. Bhunaigh sé scoileanna go leor agus mainistreacha fosta. Doire Cholm Cille an áit is mó clú a bhunaigh sé. Bhí an-ghrá ag Colm Cille dá thír ach ina ainneoin sin d'fhág sé an tír agus é daichead bliain d'aois.

Is iontach an scéal é. Nuair a bhí Colm Cille óg bhí cara aige a bhí mar ab i mainistir i dTír Chonaill. Fionnán a bhí air. Uair amháin chuaigh Colm Cille ar cuairt chuige. Bhí leabhar ag Fionnán. Leabhar galánta a bhí ann. Bhí sé daite agus bhí Fionnán iontach bródúil as. Ag an am seo ní raibh mórán leabhar ann. Scríobhfadh daoine a leabhair féin dá mba mhian leo leabhair a bheith acu. Mar sin de, bhí siad luachmhar.

Nuair a bhí Colm Cille ann cúpla lá thug Fionnán faoi deara go raibh solas lasta i dteach an phobail. Chuaigh sé a fhad leis an áit. Bhí sé buartha mar lár na hoíche a bhí ann. Bhí gach manach ina chodladh. Chuaigh sé a fhad leis an duine a bhí ann. Colm Cille a bhí ann agus é ag déanamh cóipe dá leabhar.

Bhí fearg an domhain ar Fhionnán. Chan sásta a bhí sé. Cad chuige nár iarr Colm Cille cead cóipeála? Dúirt Fionnán go raibh ar Cholm Cille an chóip a thabhairt dó. Dhiúltaigh Colm Cille. Dúirt Colm Cille go raibh dúil sa leabhar aige agus gur mheas a bhí i gceist, chan gadaíocht. Ba chuma le Fionnán.

Chuaigh an bheirt acu chuig Ardrí na hÉireann.

"Le gach bó a lao," arsa an Rí, "agus le gach leabhar a chóip."

Bhí Colm Cille meallta. Dhiúltaigh sé glacadh le focal an rí. Chruinnigh sé arm agus chuaigh sé chun cogaidh leis an rí. Bhuaigh sé ar an Rí ach sa chogadh seo fuair na mílte bás.

Bhí náire ar Cholm Cille nuair a thuig sé cad é a bhí déanta aige. Chuaigh sé a fhad le Naomh Maol Íosa. D'iarr sé maithiúnas óna chroí. Dúirt Maol Íosa leis nach raibh an dara suí sa bhuaile aige agus go raibh air Éire a fhágáil agus soiscéal Dé a theagasc i dtír eile. Bhí croí Cholm Cille briste. Bhí an oiread sin grá aige dá thír nár smaoinigh sé ar í a fhágáil. Ach, go gairid ina dhiaidh sin, d'fhág sé slán ag a thír féin agus sheol sé go hOileán Í.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning